Rewarding Learning

Mo Scoil

Tasc A

Rólimirt

Buaileann tú le do chara i ndiaidh am scoile. Tosaíonn sibh beirt ag labhairt faoin scoil. Tá sibh beirt ag freastal ar dhá scoil dhifriúla. Labhraíonn sibh faoi bhur scoileanna, faoin fhoghlaim agus faoi leagan amach an lae scoile sna scoileanna.

Bain úsáid as na ceisteanna seo a leanas le tacú leis an chomhrá. Bí cinnte go mbíonn seal ag gach duine atá mar chuid den chomhrá na ceisteanna a fhreagairt. Ná déan dearmad freagairt leis an bhriathar nuair is féidir.

1. **Cé acu scoil a fhreastalaíonn tú uirthi? Cá bhfuil sí suite?**
2. **An dtig leat cur síos a dhéanamh ar do scoil? An scoil bheag nó an scoil mhór í mar shampla?**
3. **Cén áit a bhfuil do scoil lonnaithe?**
4. **Cá mhéad dalta atá i do rang?**
5. **Cén t-ainm atá ar do mhúinteoir?**
6. **An bhfuil barúil agat ar líon na ndaltaí atá i do scoil nó cá mhéad múinteoir atá i do scoil?**
7. **Cé acu ábhar is fearr leat ar scoil? Cén fáth?**
8. **Cé acu ábhar nach maith leat ar scoil? Cén fáth?**
9. **Cén lá is fearr leat ar scoil? Cén fáth?**
10. **An imríonn tú spórt ar scoil? Déan cur síos air.**

Seo frásaí úsáideacha agus cora cainte le tacú leat

- Clár ama
- Ag obair go dian
- Taitníonn an scríbhneoireacht liom.
- Ní thaitníonn an mata liom.
- Is fearr liom ealaín agus drámaíocht.
- Sílim go bhfuil an litriú dúshlánach.
- An Domhan Thart Orainn
- An Ghaeilge
- Déanaim mo dhícheall an Ghaeilge a labhairt chomh minic agus is féidir.
- Is léitheoir mé. Bainim an-sult go deo as leabhair a léamh.
- Mo mhúinteoir/na múinteoirí
- Mo chairde/mo chara
- Tá mo scoil suite i ...
- An t-ainm atá ar mo scoil ná ...
- Imrím spórt cúpla lá sa tseachtain ar scoil.
- Bím ar bís nuair a bhíonn muid ag ceol.
- Cumann iarscoile
- Obair bhaile
- Bíonn orm díriú isteach ar an obair bhaile ón Luan go dtí an Déardaoin.

© CCEA 2022

Mo Scoil

Seanfhocail

Mol an óige agus tiocfaidh sí.
Is fiú ór í an fhoghlaim.

Saibhreas Teanga

Eang sa mhaide mullaigh
Ag obair go dícheallach
Rinne mé mo sheacht ndícheall leis an obair sin.
Tógann sé mo chroí.
Tá an t-ábhar sin i bhfad níos fearr ná an ...

Tasc B

1. Clár Ama

Smaoinigh ar an lá scoile is fearr leat sa tseachtain.
Cad iad na hábhair a dhéanann tú. An mbíonn ábhar ar leith ann a chuireann sonas ort.
Scríobh amach clár ama an lae.
Smaoinigh ar na rudaí seo:

- Cén t-am a thosaíonn tú ar an scoil?
- Cad iad na hábhair a dhéanann tú ar fud an lae?
- Cén t-am a bhíonn sos agus lón agat?
- Cén t-am a chríochnaíonn tú scoil gach lá?
- Scríobh amach an clár ama ar bhealach dathúil snasta. Muna bhfuil tú róchinnte de na hamanna cearta, déan tomhas.

2. Seanfhocail

Roghnaigh ceann de na seanfhocail thíos.

Mol an óige agus tiocfaidh sí.
Nó
Is fiú ór í an fhoghlaim.

Smaoinigh ar an chiall atá leo beirt. Labhair le do mhúinteoir nó le do chara faoin chiall atá taobh thiar de na seanfhocail seo.
Mol an óige agus tiocfaidh sí. Má thugtar moladh do dhaoine óga, beidh siad níos toilteanaí rudaí a dhéanamh. An féidir le daoine óga moladh a thabhairt do dhaoine óga eile nó don fhoireann scoile? Cad é do bharúil?
Is fiú ór í an fhoghlaim. Smaoinigh ar an fhoghlaim. De réir mar a bhíonn tú ag foghlaim, éiríonn tú níos cliste agus níos eolaí. An ar scoil amháin a tharlaíonn an fhoghlaim?
Cad é do bharúil faoi seo?
Anois déan póstaer. Scríobh an seanfhocal a roghnaigh tú. Maisigh é le pictiúir chuí.

© CCEA 2022